S.24T

**RABHADH**

**Ní mór duit an páipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar.**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2005

## STAIR – ARDLEIBHÉAL
**(180 MARC)**

**DÉ MÁIRT, 14 MEITHEAMH– TRÁTHNÓNA, 2.00 – 4.30**

STAMPA AN IONAID

SCRÚDUIMHIR AN IARRTHÓRA

**FREAGAIR GACH CEIST 1, 2, 3, 4, 5 AGUS 6**
**FREAGAIR 1,2 AGUS 3 SNA SPÁSANNA AR AN bPÁIPÉAR SCRÚDAITHE**
**FREAGAIR 4, 5 AGUS 6 I DO FHREAGARLEABHAR**

**CUIR AN PÁIPÉAR SEO ISTEACH LE DO FHREAGARLEABHAR, LE DO THOIL**

[Thall

## 1. PICTIÚIR
(15 marc)

Déan staidéar ar na pictiúir A, B agus C a ghabhann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas:

*(a)* **PICTIÚR A**

*Tá cartún ó thréimhse na hÉigeandála, 1939-1945, á thaispeáint i bPictiúr A. Tógadh an cartún as an irisleabhar grin,* Dublin Opinion.

(i) Céard a dhéanadh an *glimmer man*?

………….................................................................................................................… (1)

(ii) Tabhair **dhá** chúis go raibh gá le daoine ar nós an *glimmer man* le linn na hÉigeandála in Éirinn.

……..……………………………………………………………………………………….

…………………………………………………………………………………………..

………...…………………………………………………………………………….. (2)

(iii) Cad é an dearcadh a léirítear i ngreann an chartúin i leith an *glimmer man*?

………………..............................................................................................................

.........................................................................................................................................

.....................………….................................................................................................… (2)

*(b)* **PICTIÚR B**

*Taispeánann Pictiúr B póstaer bolscaireachta Naitsí ó na 1930idí.*
*Aistriúchán: Tá an óige umhal don Fuhrer. Gach ógánach deich mbliana d'aois in Ógras Hitler.*

(i) Cad a bhí in Ógras Hitler?

............................................................................................................................ (1)

(ii) Cén chaoi a ndearbhaíonn an póstaer an ídé de umhlaíocht agus dílseacht do Hitler?

............................................................................................................................

............................................................................................................................

............................................................................................................................ (2)

(iii) Tabhair **dhá** chúis le bolscaireacht a bheith á húsáid ag deachtóireachtaí ar nós an chinn a raibh Hitler i gceannas air.

............................................................................................................................

............................................................................................................................

............................................................................................................................ (2)

*(c)* **PICTIÚR C**

*Tógadh Pictiúr C as fuinneog ghloine daite i nGildhalla Dhoire.*
*Is éard atá á chomóradh ann ná cuairt a thug ceathrar fear as Londain ar Dhoire chun suirbhé a dhéanamh ar an gceantar mar chuid de mholadh chun coilíneacht de mhuintir Londan a bhunú ann i rith Phlandáil Uladh.*

(i) Cathain a thug ceithre ionadaí Chomhlachtaí Londan cuairt ar Dhoire?

............................................................................................................................ (1)

(ii) Ón staidéar atá déanta agat ar na plandálacha, cén fhianaise atá ann gur thug na hionadaithe tuarascáil dheimhneach ar Dhoire nuair a d'fhill siad go Londain?

............................................................................................................................

............................................................................................................................ (2)

(iii) Ó Phictiúr C, cén fhianaise atá ann go raibh an t-ealaíontóir i bhfabhar na plandála a rinne Séamas I i gCúige Uladh?

............................................................................................................................

............................................................................................................................ (2)

| **2.** | **DOICIMÉID**<br>(15 marc) |
|---|---|

Léigh an dá dhoiciméad, **1** agus **2**, a ghabhann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas:

*(a)* **DOICIMÉAD 1**

*Déantar cur síos sa sliocht ar dhroch-dhálaí maireachtála i dtionóntáin Bhaile Átha Cliath c.1913.*

(i) Cé mhéid duine a raibh cónaí orthu i dtithe nach raibh oiriúnach le go mairfí iontu?

.......................................................................................................................(1)

(ii) Cad é an líon ba mhó tionónta a bhí ag maireachtáil in aon teach amháin?

.......................................................................................................................(1)

(iii) Cad iad na fadhbanna a d’eascair as an ólachán sna ceantair bhochta?

…………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………

.......................................................................................................................(2)

(iv) Ainmnigh **dhá** ghalar a luaitear a bhí an-tógálach.

.......................................................................................................................(2)

(v) Ón staidéar atá déanta agat ar an stair shóisialta, cén fáth gur dhóichí go mairfeadh daoine ón mheánaicme níos faide ná na daoine a raibh cónaí orthu sna tionóntáin?

…………………………………………………………………………………………...

…………………………………………………………………………………………...

.......................................................................................................................(2)

*(b)* **DOICIMÉAD 2**

*Sa sliocht seo, cuimhníonn an scríbhneoir ar a athair ag obair mar ghabha ina cheárta i gCo an Chláir, c.1950.*

(i) Cé chomh minic a bhailíodh na feirmeoirí áitiúla isteach i gceárta Phat Joe?

………………………………………………………………………………………… (1)

(ii) Tabhair **dhá** chúis go raibh tábhacht ag baint leis an gceárta do na feirmeoirí áitiúla.

…………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………

………………………………………………………………………………………… (2)

(iii) Cén fhianaise atá ann maidir le tionchar na himirce ar na ceantair thuaithe in Éirinn an t-am sin?

…………………………………………………………………………………………...

…………………………………………………………………………………………...

………………………………………………………………………………………… (2)

(iv) Ón staidéar atá déanta agat ar an stair shóisialta, tabhair **dhá** chúis nach bhfeictear teacht le chéile mar seo sa cheárta in Éirinn ó lár na 1960idí i leith.

…………………………………………………………………………………………..

…………………………………………………………………………………….….

…………………………………………………………………………………………

………………………………………………………………………………………… (2)

**[Thall**

**3. CEISTEANNA GEARRFHREAGRAÍ**
(20 marc)

Freagair DEICH gcinn de na ceisteanna seo a leanas. Is fiú 2 mharc an ceann iad.

(i) Cad is foinse thánaisteach ann? Tabhair sampla.

Foinse: ……………………………………………………………………………………....

Sampla:……………………………………………………………………………...(2)

(ii) Ainmnigh **dhá** chineál tuama ón tréimhse neoiliteach in Éirinn.

…………………………………………………………………………………………….

............................................................................................................……………… (2)

(iii) Luaigh **dhá** thoradh a bhí ar theacht na Críostaíochta go hÉirinn.

.................................................................................................................................

............................................................................................................……………… (2)

(iv) Mínigh **dhá** cheann de na téarmaí seo a leanas ón Mheánaois:
*Seirfeach: Fíofa: Mainéar: Vasáilleach.*

…………………………………………………………………………………………

………………….......................................................................................................……(2)

(v) Cén gnó a bhíodh le déanamh ag na gildeanna sa Mheánaois?

……..............................................................................................................……………..

………...............……………………………………………………………………. (2)

(vi) Mínigh **dhá** cheann de na téarmaí seo a leanas a bhaineann le mainistreacha sa Mheánaois:
*Ab: Clabhstra: Proinnteach: Almsóir.*

…………………………………………………………………………………………….

............................................................................................................……………… (2)

(vii) Mínigh **dhá** cheann de na téarmaí seo a leanas a bhaineann leis an Renaissance:
*Fresco: Sfumato: Peirspictíocht: Daonnachas.*

...............................................................................................................……………

............................................................................................................…………….. (2)

(viii) Ainmnigh péintéir **amháin** ón Renaissance **LASMUIGH** den Iodáil agus saothar **amháin** de chuid an phéintéara sin.

Péintéir : …...............................................................................................................

Saothar: …….……………………………………………………………………….(2)

(ix) Cén fáth go raibh an phátrúnacht chomh tábhachtach sin le linn an Renaissance?

……………………………………………………………………………………………

............................................................................................................……………… (2)

(x) Ainmnigh leasaitheoir creidimh **amháin** ón séú haois déag agus ceann **amháin** dá phointí creidimh.

Leasaitheoir: ..........................................................................................................................

Pointe Creidimh: ……………………………………………………………………………..

……………………………………………………………………………………………………….. (2)

(xi) Tabhair **dhá** thoradh a bhí ar phlandáil **a ainmníonn tú** in Éirinn ón 16ú haois nó ón 17ú haois.

...............................................................................................................................……………..

...............................................................................................................................……………. (2)

(xii) Luaigh **dhá** thoradh a bhí ar imfhálú i rith na Réabhlóide Talmhaíochta.

...........................................................................................................................………………

...........................................................................................................................……………… (2)

(xiii) Roghnaigh ceann **amháin** de na réabhlóidí (Meiriceá, an Fhrainc nó Éire) ón tréimhse, 1770-1815, agus tabhair **dhá** chúis leis an réabhlóid sin.

Tír: ……………………………………………………………………………………………….

Cúis 1.............................................................................................................................………………

Cúis 2............................................................................................................................…………….....(2)

(xiv) Cad a bhí i mBromastún Peel?

...........................................................................................................................……………… (2)

(xv) Céard a bhí i gceist leis an gConradh agus Cúnant Sollúnta, 1912?

...........................................................................................................................……………... (2)

(xvi) Tabhair **dhá** chúis go raibh Cogadh Cathartha in Éirinn i rith na mblianta, 1922-1923.

……………………………………………………………………………………………………

….......................................................................................................................................…………….. (2)

(xvii) Cad a bhí i Léigiún *Condor*?

...........................................................................................................................……………… (2)

(xviii) Cad a bhí i ngéilleadh síthe?

……………………………………………………………………………………………………

...........................................................................................................................……………… (2)

(xix) Mínigh ceann **amháin** de na téarmaí seo a leanas as *Caidreamh Idirnáisiúnta san Fhichiú hAois:*
*Comhpháirtíocht shíochánta: Díchoilíniú: Cómhargadh..*

……………………………………………………………………………………………………

...........................................................................................................................……………… (2)

(xx) Tabhair cúis **amháin** gur chuir na hAontachtaithe in aghaidh Chomhaontú Sunningdale, 1973.

...........................................................................................................................……………..

...........................................................................................................................……………… (2)

**[Thall**

**FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO A LEANAS, 4, 5 AGUS 6, I bhFREAGARLEABHAR AR LEITH**

## 4. PEARSANA SA STAIR
(40 marc)

**Freagair A agus B**

**A.** Roghnaigh duine **amháin** de na daoine atá luaite thíos. Scríobh cuntas ar an duine sin.

(i) Duine in Éirinn anallód. (20)

(ii) Manach i mainistir i dtús Ré na Críostaíochta in Éirinn. (20)

(iii) Ridire a raibh cónaí air i gcaisleán sa Mheánaois. (20)

**B.** Roghnaigh duine **amháin** de na daoine atá luaite thíos. Scríobh cuntas ar an duine sin.

(i) Ceannaire **a ainmníonn tú** a raibh baint aige/aici le réabhlóid (Meiriceá, An Fhrainc nó Éire) i rith na tréimhse, 1770-1815. (20)

(ii) Úinéir ar mhianach nó ar mhonarcha i rith na Réabhlóide Tionsclaiche sa Bhreatain c. 1850. (20)

(iii) Ceannaire **a ainmníonn** tú a raibh baint aige/aici leis an gcoimhlint ar son saoirse na hÉireann, 1916-1923. (20)

**NÓ**

Duine a raibh cónaí air/uirthi i dTuaisceart Éireann i rith an Dara Cogadh Domhanda, 1939-1945. (20)

**5. RÉ NA TAISCÉALAÍOCHTA (30 marc)**

**Foinse D**

*Litir ó Amerigo Vespucci chuig a phatrún Lorenzo de Medici (1500).*

Bhíomar timpeall trí mhí dhéag ar an aistear seo, le contúirtí uafásacha romhainn agus rinneamar cuid mhór den Áis a fhionnadh agus thángamar ar an-chuid oileán a raibh daoine ina gcónaí ar a bhformhór. De réir an chomhairimh atá déanta agam cúpla uair leis an gcompás, sheolamar timpeall cúig mhíle léig… thángamar ar réigiúin ollmhóra, chonaiceamar na sluaite daoine agus iad go léir nocht agus teangacha éagsúla á labhairt acu. Ar talamh chonaiceamar a lán ainmhithe fiáine, cineálacha éagsúla éanlaithe agus an oiread sin crann nach bhfuil áireamh orthu agus boladh cumhra uathu go léir.

Thugamar abhaile péarlaí a bhí fós ag fás agus ór i bhfoirm gráinní. Thugamar linn dhá chloch, ceann amháin de smaragad agus an ceann eile d'aimitis. Bhí an aimitis an-chrua agus bhí sé ar a laghad leath-réise ar fad agus trí mhéar ar tiús. Tá an-mheas ag na rialtóirí ar na clocha agus coimeádann siad i measc a gcuid seod iad. Thugamar linn roinnt mhaith cloch eile a raibh dealramh álainn orthu. Ach níor thugamar méid mór cloch linn toisc go rabhamar gnóthach de shíor le cúrsaí seoltóireachta agus nár fhanamar fada go leor in aon áit amháin.

Nuair a shroicheamar Cadiz, dhíolamar a lán sclábhaithe. Tá dhá chéad díobh againn fós… fuair dhá dhuine is tríocha díobh bás ar an bhfarraige…táimid sásta gur thángamar slán as. I rith an aistir go léir, buíochas le Dia, as seacht gCríostaí is caoga, b'shin an méid againn a bhí ar bord, ní bhfuair ach beirt bás. Mharaigh na hIndiaigh iad.

*Foinse: (The Original Book of Exploration, lch 327)*

**Foinse E**

Richard Hakluyt, *The Principal Navigations, Voyages and Discoveries of the English Nation, 1589-1600.*

Tá ríthe na Spáinne agus na Portaingéile tar éis cur leis na ríochtaí atá acu agus a gcuid saibhris agus saibhreas a gcuid géillseanach a mhéadú go mór agus na cabhlaigh atá acu a mhéadú faoi thrí. Má leanann muidne a sampla sin, beidh an-éileamh ar éadach Shasana, rud a rachaidh go mór chun tairbhe dóibhsin atá ag obair sa cheird sin. An-chuid fear, agus mná agus páistí freisin nach bhfuil aon obair acu anois, gheofar obair dóibh ag déanamh earraí. Is féidir na hearraí seo a thrádáil leis na daoine atá ina gcónaí sna tíortha nua.

Faigh amach cad iad na hoileáin agus na calafoirt ar féidir iad a shroichint trí sheoladh soir ó thuaidh. Ba mhaith an rud é dá mbeadh ceannas againn ar ár mbealaí trádála féin go dtí an India agus an tSín agus d'fhéadfaimid ar an gcaoi sin saibhreas mór a bhailiú dúinn féin.

Thar aon ní eile…scaipigí dea-scéala Íosa ar na daoine nach bhfuil a fhios acu tada faoi. Sa dara háit...tabhair dóibh an t-eolas atá againne i dtaobh na feirmeoireachta.

**[Thall**

**A. Foinse D**

(i) Cén fhad a sheol Vespucci agus a chriú? (2)

(ii) Ainmnigh **dhá** rud ar thángadar orthu. (2)

(iii) Ainmnigh **dhá** rud a thug siad ar ais leo. (2)

(iv) Cén fáth go bhfuair an oiread sin sclábhaithe bás ar an aistear? (2)

(v) Cén fáth go ndearna pátrúin shaibhre ar nós de Medici urraíocht ar aistir den chineál seo? (2)

**B. Foinse E**

(i) Tabhair **dhá** chúis go raibh an scríbhneoir ag iarraidh mairnéalaigh Sasanacha a spreagadh le turais a dhéanamh. (4)

(ii) Luaigh **dhá** chontúirt a bhí ann do mhairnéalaigh a chuaigh ar thurais mar seo. (4)

**C.** (i) Scríobh cuntas ar cheann **amháin** de na topaicí seo a leanas:

*(a)* An tionchar a bhí ag an taiscéalaíocht ar na bundúchasaigh sa Domhan Nua.
*(b)* An tairbhe a bhain na tíortha Eorpacha as an taiscéalaíocht.
*(c)* Na coimhlintí a tharla idir na cumhachtaí Eorpacha de bharr na taiscéalaíochta.
(12)

**6.** Freagair **dhá** cheann as **A, B, C, D.** (60 marc)

## A. AN RENAISSANCE

(i) Tabhair **dhá** chúis go raibh a laghad sin ealaíontóirí baineanna nó eolaithe baineanna ann le linn an Renaissance. (2x2)

(ii) Ainmnigh **trí** thoradh a bhí ag an Renaissance. (3x2)

(iii) Scríobh cuntas ar **dhá** cheann de na gnéithe seo a leanas a bhaineann leis an Renaissance:

*(a)* Litríocht.
*(b)* Eolaíocht / Leigheas.
*(c)* Ailtireacht.
*(d)* Clódóireacht. (2x10)

## B. FORBAIRTÍ POLAITIÚLA IN ÉIRINN SAN FHICHIÚ hAOIS

(i) Luaigh **dhá** thoradh a bhí ar chur chun báis cheannairí Éirí Amach 1916. (2x2)

(ii) Mínigh **trí** cinn de na téarmaí seo a leanas a bhaineann le hÉirinn san fhichiú haois:

*Claonroinnt: Na Léinte Gorma: Imtheorannú: Ciondáil: B specials* (3x2)

(iii) Scríobh cuntas ar **dhá** cheann díobh seo a leanas:

*(a)* Scéim na Sionainne.
*(b)* An Cogadh Eacnamaíoch, 1932-38.
*(c)* An Scéim Mháthar agus Linbh, 1951.
*(d)* John Hume **nó** Ian Paisley. (2x10)

## C. ATHRUITHE SÓISIALTA IN ÉIRINN SAN FHICHIÚ hAOIS

(i) Luaigh **dhá** athrú atá tar éis tarlú i saol na mban ó 1945. (2x2)

(ii) Luaigh **trí** athrú atá tar éis tarlú i gcúrsaí talmhaíochta ó 1945. (3x2)

(iii) Scríobh cuntas ar na hathruithe atá tar éis tarlú in **dhá** cheann díobh seo a leanas ó 1945:

*(a)* Tithíocht.
*(b)* Cúrsaí Iompair.
*(c)* Cúrsaí Oibre.
*(d)* Cúrsaí Fóillíochta. (2x10)

**[Thall**

## D. CAIDREAMH IDIRNÁISIÚNTA SAN FHICHIÚ hAOIS

(i) Tabhair **dhá** chúis go raibh an faisisteachas chomh mór sin i mbéal an phobail san Eoraip sna 1920idí agus sna 1930idí. (2x1)

(ii) Tabhair **dhá** chúis go raibh na Gearmánaigh míshásta le Socrú Versailles. (2x2)

(iii) Ainmnigh **dhá** thír Eorpach a chruthaíodh tar éis an Chéad Chogaidh Dhomhanda. (2x2)

(iv) Scríobh cuntas ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

*(a)* An Blitz, 1940.
*(b)* Oibríocht Barbarossa.
*(c)* An tUileloscadh (10)

(v) Roghnaigh topaic 1 **nó** 2 **nó** 3 thíos

**Topaic 1 Teacht i dtreis na nOllchumhachtaí**

Scríobh cuntas ar cheann **amháin** de na géarchéimeanna seo a leanas agus ar an tionchar a bhí aici ar an gcaidreamh idir SAM agus APSS:

*(a)* Cogadh na Cóiré, 1950-1953.

*(b)* Géarchéim na nDiúracán i gCúba. (10)

**Topaic 2 Céimeanna i dtreo Aontachta Eorpaí**

Scríobh cuntas ar fhás an Aontais Eorpaigh idir 1973 agus 1992. (10)

**Topaic 3 Náisiúnachas san Áis agus san Afraic**

I gcás tíre **a ainmníonn tú** san Áis nó san Afraic, scríobh cuntas ar na dúshláin a bhí le sárú aici tar éis di neamhspleáchas a bhaint amach sa tréimhse tar éis 1945. (10)